2024/1833

19.7.2024

Eisceacht ón Aontas Eorpach faoi Airteagal 70 i gcomhar le hAirteagal 10(1) den Chomhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta [2024/1833]

De bhun Airteagail 70 agus 10(1) den Chomhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, dearbhaíonn an tAontas Eorpach eisceacht na n-éifeachtaí cúlghabhálacha a leagtar amach sa dara habairt d'Airteagal 10(1), dá bhrí sin, ní bheidh feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe seo don Aontas ach maidir le gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a bhaileofar agus a ghinfear tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i gcás an Aontais.